

Cá huair a gheobhaidh tú do chuid torthaí

Seolfaimid litir chugat agus chuig do dhochtúir ginearálta faoi thorthaí do scagthástála laistigh de 3 seachtaine ó choinne do scagthástála. Leagfar amach na chéad chéimeanna eile sa litir sin.

Cad ba cheart duit a bheith ag súil leis ó thorthaí na scagthástála

Beidh torthaí normálta tástála ag formhór na ndaoine. Ní bheidh reitineapaite orthu, nó d'fhéadfadh sé go mbeadh athruithe luatha ar a reitíní (cúl a súl). Má fhaigheann tú torthaí normálta tástála, tabharfaidh an clár scagthástála cuireadh duit do do choinne scagthástála eile i gceann 1 ó 2 bhliain.

Rachfar i dteagmháil leat le haghaidh coinne eile má bhíonn an méid seo a leanas i gceist:

- níl na grianghraif soiléir go leor chun torthaí a thabhairt
- tá reitineapaite dhiaibéiteach ort ar gá a measúnú a dhéanamh air
- aimsimid riochtaí súl eile nach diaibéiteas is cúis leo.

Má theastaíonn cóireáil uait, déanfaimid thú a atreorú chuig clinic cóireála Diabetic RetinaScreen in ospidéal. Beidh an t-iarmheasúnú agus an chóireáil sin saor in aisce.

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil faoi thorthaí do scagthástála, déan teagmháil le do dhochtúir ginearálta a bheidh ábalta cuidiú leat.

Conas is féidir leat an baol go dtiocfaidh reitineapaite dhiaibéiteach ort a laghdú

- Freastail ar choinnín do scagthástála súl reitineapaite diaibéití atá saor in aisce.
- Rialaigh do shiúcra fola agus do bhrú fola.
- Glac do chógas mar atá oideasaithe.
- Freastail ar chúram diaibéitís (gairmí sláinte) gach 6 mhí.
- Má chaitheann tú tobac, faigh tacaíocht chun cuidiú leat scor de. Tabhair cuairt ar www.quit.ie chun comhairle a fháil.

Cad le déanamh má thugann tú faoi deara go bhfuil athruithe ar do radharc

Má thugann tú faoi deara go bhfuil athruithe ar do radharc, nó má bhíonn aon imní ort faoi do shúile, ba chóir duit cuairt a thabhairt láithreach ar do dhochtúir ginearálta, do radharceolaí nó do dhochtúir súl. Ná fan go dtí do chéad choinne scagthástála eile.

D'fhéadfadh sé go n-áireofaí leis na hathruithe sin:

- caillteanas tobann radhairc nó íogaireacht i leith solais
- spotaí nó línte dorcha ar snámh i do radharc (snámháin súile)
- radharc doiléir nó athraitheach (athruithe ar do radharc).

Teorainneacha scagthástáil na reitineapaite diaibéití

Ní chuirtear scagthástáil na reitineapaite diaibéití in ionad do ghnáth-scrúdaithe súl.

Guardaítear reitineapaite dhiaibéiteach sa scagthástáil agus b'fhéidir nach n-aimseofaí riochtaí súl eile inti.

Ní féidir brath 100% ar scagthástáil ar bith.

Conas a choinnímid do chuid faisnéise sábháilte

Coinneoidimid do shonraí pearsanta agus taifid sláinte slán agus cinntimid a rúndacht. Úsáidimid agus stórálaímid do chuid faisnéise i gcomhréir leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS). Ní úsáidimid ach an fhaisnéis a theastaíonn uainn maidir leis an méid seo a leanas:

- an tseirbhís cúraim sláinte is fearr a sholáthar duit
- chun cloí lenár bhfreagrachtaí sláinte poiblí.

Is féidir leat do chuid faisnéise pearsanta agus taifid do scagthástála go léir a iarraidh thrí theagmháil a dhéanamh le Diabetic RetinaScreen.

Áit ar féidir leat tuilleadh eolais a fháil

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Diabetic RetinaScreen:

Scríobh chuig Diabetic RetinaScreen, an tSeirbhís Náisiúnta Scagthástála, Teach Óstaí an Rí, 200 Sráid Parnell, Saorphost FDN7633, Baile Átha Cliath 1, D01 A3Y8

Saorghlao 1800 45 45 55

Ríomhphost info@diabeticretinascreen.ie

Visit www.diabeticretinascreen.ie

Nó scan an cód QR seo chun uilleadh eolais a fháil:

Scan le haghaidh
tuilleadh eolais



Diabetic RetinaScreen
An Clár Náisiúnta Scagthástála Reitíní do Dhiaibéitigh
The National Diabetic Retinal Screening Programme

Do threoir maidir le scagthástáil na reitineapaite diaibéití

Cad is Diabetic RetinaScreen ann

Cuireann Diabetic RetinaScreen scagthástáil reitineapaite diaibéití saor in aisce ar fáil go rialta do dhaoine os cionn 12 bliana d'aois a bhfuil diaibéiteas orthu.

Má bhíonn reitineapaite dhiaibéiteach agat, tá sé mar aidhm againn í a bhrath agus í a chóireáil a luaithis féidir chun cuidiú le haon damáiste do do radharc a laghdú.

Is é Diabetic RetinaScreen an Clár Náisiúnta Scagthástála Reitíní do Dhiaibéitigh, agus tá sé maoinithe ag an rialtas.


An fáth a bhfuil scagthástáil na reitineapaite diaibéití tábhachtach

Tá reitineapaite diaibéiteach neamhchóireáilte ina chúis an-choitianta le caillteanas radhairc do dhaoine a bhfuil diaibéiteas orthu. Nuair a bheirtear an riocht go luath, bíonn an chóireáil éifeachtach maidir le damáiste do do radharc a laghdú nó a chosc. Tá an scagthástáil súl do reitineapaite dhiaibéiteach ina cuid lárnach de do chúram diaibéitis.

Cad is reitineapaite dhiaibéiteach ann

Is é is reitineapaite dhiaibéiteach ann aimhréidh diaibéitis a théann i bhfeidhm ar na fuileadáin bheaga ar chúl na súl, i réigiún ar a dtugtar an reitine.

Tá reitine shláintiúil riachtanach le haghaidh radharc maith na súl.



Má bhíonn diaibéiteas ort, éiríonn na fuileadáin sa reitine níos tibhe, agus moillíonn an fhuil a shreabhann sna fuileadáin.

Sna céimeanna tosaigh, d'fhéadfadh sé nach rachadh reitineapaite dhiaibéiteach i bhfeidhm ar do radharc. Ach má éiríonn na hathruithe níos measa, rachfar i bhfeidhm ar do radharc ar deireadh.

Is é reitineapaite dhiaibéiteach an t-ainm ar dhá athrú éagsúla ar an reitine a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar an radharc:

Éidéime mhacúlach dhiaibéiteach – is é sin nuair a théann fuileadáin ligeacha i bhfeidhm ar an gcuid den reitine ar a dtugtar an macúl. Má sceitheann sreabhán ó na soithí sin agus má chuireann sé isteach ar lár an mhacúil, rachaidh sé i bhfeidhm ar radharc an duine. Is é sin an t-athrú is coitianta ar na súile.

Reitineapaite dhiaibéiteach iomadaithe – is é sin nuair a fhoirmíonn fuileadáin nua shobhríste ar dhromchla na reitine le himeacht ama. Is féidir leis na soithí neamhghnácha sin fuil a chur nó fíochán coilim a fhorbairt, rud is cúis le dianchailleanas radhairc.

Is féidir an dá athrú sin a chóireáil agus a bhainistiú má aimsítear iad luath go leor.

An baol go dtiocfaidh reitineapaite dhiaibéiteach ort

Tá tú i mbaol go dtiocfaidh reitineapaite dhiaibéiteach ort má tá diaibéiteas Cineál 1 nó Cineál 2 ort. Dá fhaide a bhí diaibéiteas ort, is mó an seans go dtiocfaidh reitineapaite dhiaibéiteach ort.

Cad is scagthástáil na reitineapaite diaibéití ann

Úsáidtear grianghrafadóireacht dhigiteach speisialaithe sa scagthástáil seo chun athruithe a lorg a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do radharc. Le scagthástáil súl rialta is féidir reitineapaite dhiaibéiteach a bhrath sula dtabharfaidh tú aon athruithe ar do radharc faoi deara.

Conas coinne scagthástála a fháil

Ní mór duit clárú le Diabetic RetinaScreen chun coinne do scagthástála súl a fháil. Tá dhá bhealach ann le clárú leis an gclár:

1. Is féidir leat féinchlárú trí www.diabeticretinascreen.ie; nó tríd an gcód QR seo a úsáid:
2. Is féidir le do dhochtúir teaghligh nó le gairmí cúraim sláinte tú a atreorú



Scan chun clárú le haghaidh scagthástáil reitíní do dhiaibéitigh.

I ndiaidh tú a atreorú chuig an gclár, gheobhaidh tú litir ina dtabharfar cuireadh duit toiliú (aontú) chun páirt a ghlacadh. Chun coinne a fháil, beidh ort an próiseas toilithe a chomhlánú.

Má tá tú faoi bhun 16 bliana d'aois, caithfidh do thuismitheoir nó do chaomhnóir teacht leat chuig do choinne.

Cad a tharlaíonn le linn choinne do scagthástála súl

- Tabharfaidh an fhoireann ag d'ionad scagthástála áitiúil faisnéis duit maidir le braonta súl a úsáid mar chuid de choinne do scagthástála. Iarrfaidh siad do thoiliú chun iad a úsáid. Tá sé tábhachtach go dtuigfidh tú an fhaisnéis sula dtabharfaidh tú do thoiliú.
- Cuirfear na braonta isteach i do shúile chun do mhic imrisc a dhéanamh níos mó ar feadh seala.
- Glacfaidh ball foirne grianghraif de chúl do shúile le ceamara speisialta. Ní bhaineann an ceamara do do shúile.
- Déanfaidh saineolaí athbhreithniú ar na grianghraif.
- Mairfidh an choinne thart ar 30 nóiméad.

Leideanna chun cuidiú le do choinne

- Níor cheart duit innealra a thiomáint ná a oibriú i ndiaidh do choinne go dtí go mbeidh do radharc ar ais mar a bhí. D'fhéadfadh sé go mbeidh do radharc doiléir ar feadh thart ar 4-6 uair an chloig i ndiaidh do choinne.
- B'fhéidir go mbeidh duine éigin de dhíth ort chun tú a thabhairt abhaile, mar sin eagraigh modh iompair roimh do choinne.
- Glac aon chógas oideasaithe mar is gnách.
- Ith mar a itheann tú de ghnáth; ní chaithfidh tú troscadh a dhéanamh.
- Beir leat do chuid spéaclaí (spéaclaí fadraoin nó lionsaí tadhaill) má chaitheann tú iad, agus spéaclaí gréine má bhíonn do shúile íogair.



Scagthástáil na reitineapaite diaibéití úsáidtear grianghrafadóireacht dhigiteach speisialaithe chun athruithe a lorg a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar do radharc.